AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.9.2024
COM(2024) 387 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

gCINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh 2008/971/CE a mhéid a bhaineann leis an ábhar atáirgthe foraoise den chatagóir ‘tástáilte’, a lipéadú agus ainmneacha na n-údarás atá freagrach as formheas agus rialú an táirgthe

IARSCRÍBHINN

Leasuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann le Cinneadh 2008/971/CE

1. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn I:

‘IARSCRÍBHINN I

Tíortha agus údaráis

Tír[1]	**Údarás atá freagrach as formheas agus rialú an táirgthe**
CA	Natural Resources Canada - Canadian Forest Service Atlantic Forestry Centre 1350 Regent Street Fredericton NB E3C 2G6
CH	Federal Office for the Environment (FOEN) Department of the Environment, Transport, Energy and Communications (UVEK) Forest Division Federal Plant Protection Service Monbijoustrasse 40 CH-3003 Bern
GB [2]	Department for Environment, Food & Rural Affairs (DEFRA) Eastbrook Shaftesbury Road Cambridge CB2 8DR

[1] CA – Ceanada, CH – an Eilvéis, GB – an Ríocht Aontaithe, NO – an Iorua, RS – an tSeirbia, TR – an Tuirc, US – na Stáit Aontaithe.;

[2] I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) de Chreat Windsor (féach Ráiteas Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023, IO L 102, 17.4.2023, lch. 87) i gcomhar le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gCreat sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, ní bhaineann tagairtí don Ríocht Aontaithe le Tuaisceart Éireann.

NO	Norwegian Forest Seed Center c/o Øyvind Meland Edvardsen Box. 118, N-2301 Hamar
RS	Group for Forest Reproductive Material and Genetic Resources Directorate for Forest Ministry of Agriculture, Forestry and Water Management Ministry of AFW — Directorate for Forest Omladinskih brigada 1 Novi Beograd
TR	Ministry of Agriculture and Forestry General Directorate of Forestry Forest Tree Seeds and Tree Breeding Research Institute Directorate Sogutozu. 06560. Ankara
US	USDA United States Department of Agriculture, Forest Service Cooperative Forestry National Seed Laboratory 5675 Riggins Mill Road Dry Branch, Georgia 31020 OFFICIAL STATE CERTIFICATION AUTHORITIES (Authorised to issue OECD certificates through cooperative agreement with USDA Forest Service) Washington State Crop Improvement Association, Inc. 2575 NE Hopkins Ct. Pullman, Washington 99163’

;

2. in Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn C:

‘C. Coinníollacha breise a bhaineann leis na catagóirí ‘cáilithe’ agus ‘tástáilte’ síolta agus stoic le cur a tháirgtear i dtríú tíortha.

A mhéid a bhaineann le síolta nó stoc le cur de na catagóirí ‘cáilithe’ agus ‘tástáilte, luafar ar an lipéad ECFE agus ar lipéad an tsoláthróra ar baineadh úsáid as an modhnú géiniteach i dtáirgeadh an bhunábhair.’;

3. cuirtear an Iarscríbhinn seo a leanas leis:

‘IARSCRÍBHINN III
CATAGÓIRÍ FAOINA bhFÉADFAR ÁBHAR ATÁIRGTHE FORAOISE Ó NA CINEÁLACHA ÉAGSÚLA BUNÁBHAIR A ALLMHAIRIÚ ISTEACH SAN AONTAS

Bunábhar	Catagóir d’ábhar atáirgthe foraoise			
	Sainaitheanta de réir foinse	Roghnaithe	Cáilithe	Tástáilte
Foinse síolta	x			
Clampa	x	x		x
Síolghort			x	x
Máthairchrainn na fine nó na bhfinte			x	x
Clón			x	x
Meascán clónach			x	x’